cúrsaí **uisce**

"abair leat!"

Is deacair go minic glacadh dáiríre le ceisteanna uisce ar oileán ina mbíonn mórchuid báistí. Ach níl Éire féin slán uaidh. Bíonn an iomarca uisce ann uaireanta, easpa uaireanta eile, agus uaireanta bíonn sé truaillithe agus mí-oiriúnach d'úsáid ar bith. Cé go bhfuil caighdeán ár gcuid uisce go maith trí chéile:

- tá ró-asbhaint do sholáthar uisce agus ísliú ar leibhéil na loch dá dheasca i dteannta fadhbanna sceitheadh freagrach as suas le 40% den soláthar uisce in áiteanna sa cheantar
- tá cosaint ár gcuid ceantar ardchaighdeáin ar fhorbairt míchuí riachtanach
- bhí bagairt truaillithe ar na huiscí ó dhumpáil mídhleathach i gceantar na teorann agus i dtailte arda an cheantair
- tá speicis ionsaitheacha iasachta mar Riascghrafán Astráileach, Glúineach Bhiorach, Diúilicí Riabhach, agus Raithneach Uisce ag leathadh in uiscí an cheantair
- tá tithe nua indibhidiúla agus cnuasaigh thithíochta, ag brath ar dhabhcha múnlaigh, ina mbagairt ar chaighdeán an uisce. Tá fo-dhlíthe ag Contae an Chabháin le déileáil le truailliú ó dhabhcha múnlaigh agus tá tús curtha ag éileamh ar thithíocht thuaithe i dTuaisceart Éireann ar dhíospóireacht faoi pholasaí pleanála. Bíonn drochthionchar chomh maith ag forbairt ar thuilemhánna ar chaighdeán uisce agus ar an iompar a bhíonn faoi thuilte.

Agus an daonra ag méadú agus níos mó éilimh á dhéanamh ar uisce, is gá dúinn pleanáil don todhchaí. Caithfimid gníomhú go praiticiúil lenár n-éilimh a chothromú ionas go bhfuil staid fholláin ar ár nuiscí uile:

- ionas go bhfuil ár bhfoinsí uisce sách cosanta le caighdeán an tsoláthair a chinntiú
- ionas go bhfuil go leor uisce againn le húsáid tráchtála a bhuanú
- ionas go bhfuil ár gcumainn dúchasacha plandaí agus ainmhithe uiscí cosanta
- ionas gur féidir ár nuiscí a úsáid faoi choinne áineasa agus turasóireachta.

ceantar abhantraí
idirnáisiúnta
neathach- banna

Chuige sin an Treoir um Chreat Uisce an AE: éilíonn sí ar na ballstáit a chinntiú go mbaineann a gcuid uiscí dea-stádas ar a laghad amach faoi 2015 agus nach dtéann an stádas ó mhaith in aon uiscí.

Acmhainní Uisce Roinnte Thuaidh Theas (NS SHARE)

An Chreat Treoir Uisce

Baineann an Treoir um Chreat Uisce le bainistiú ar ár n-uiscí in aonaid nádúrtha tíreaolaíocha ar a ngairtear Abhantracha D'fhonn an bhainistíocht a dhéanamh praiticiúil, tá abhantracha i gcomharsanacht a chéile áirithe i ngrúpaí Abhantracha Ceantair (ACanna). Má trasnaíonn ceantar abhantraí teorainn náisiúnta gairtear Abhantrach Ceantair Idirnáisiúnta de (ACI), agus ní mór don dá dhlínse comhoibriú lena chéile ina bainistiú.



Tá thart ar 400 abhantrach san oileán seo, agus tá siad roinnte ar ocht gceantar: tá ceithre AC go hiomlán laistigh d'Éirinn, ceann go hiomlán laistigh de Thuaisceart Éireann agus trí AC trasteorann. Beidh plean bainistíochta ag gach AC nó ACI dá gcuid uiscí; eiseofar dréacht de gach plean in 2008 agus beidh deis agat trácht thairis.

Tá chuige struchtúrtha ag an gCreat Treoir Uisce: aimsigh na fíricí, roghnaigh cinn chun gnímh, déan plean bainistíochta, cur an plean i bhfeidhm. Ní mór an plean a bheith bunaithe ar na fíricí, tá eolas, tuiscint agus tuairimí daoine a úsáideann uisce go laethúil ag teastáil fosta, cé acu á ól, ag iascaireacht ann, ag beathú eallaí leis, ag snámh ann, á úsáid i ndéantúsaíocht nó giniúint chumhachta, nó fiú má's ag siúl leis an madra lena thaobh atá siad. Is é sin an taobh go bhfuil comhairliúchán i gceist ar gach céim de.

A bhfuil tarlaithe go dtí seo

Mar is eol duit, baineann an chéad chéim d'fheidhmiúchán an phlean le fíricí a bhaint amach – go mionchruinn. Chiallaigh sin liostáil:

- na huiscí uile i ngach ceantar ar leith. cuimsíonn sin na huiscí dromchla – aibhneacha, locha canálacha, taisciomair, inbhir agus uiscí cois cósta – agus na huiscí faoi thalamh (screamhuiscí) agus na thailte a thaosctar isteach iontu.
- na húsáidí uile daonna de na huiscí sin agus na gníomhaíochtaí daonna ag a mbíonn tionchar orthu. Clúdaíonn sin gach ní ó sholáthar uisce inólta trí eisiltí tionsclaíocha agus talmhaíochta go tógáil ballaí cé agus cuanta.
- na húsáidí uile neamhdhaonna: ní hamháin na hainmhithe a chónaíonn sna huiscí ach chomh maith iad sin ar na himill. Is gá aird ar leith a dhíriú ar speicis áirithe tábhachtacha agus leochaileacha agus a ngnáthóga
- na rialuithe uile atá ann ar úsáidí daonna an uisce: gach aon ní ó Throeir AE trí reachtaíocht náisiúnta agus cóid chleachtais tionsclaíocha go coinníollacha ar cheadanna pleanála
- na bagairtí uile ar chaighdeán na n-uiscí, rangaithe in ord a dtábhacht.

Thosaigh an obair blianta fada ó shin agus tá teacht ar mhórán tuarascála úsáideacha trí shuíomh gréasáin an cheantair www.nbirbd.com. Mura bhfuil na liostaí sin ceart, ní bheidh na Pleananna Bainistíochta Ceantair Abhantraí (a thiocfaidh ann sa chéad chéim eile den phróiseas) ceart ach oiread. Sin an áit inar féidir leatsa cabhrú.

Conas is féidir leat cabhrú

Cuimsíonn ACI Eathach-Banna Contae Ard Mhacha ar fad, coda móra d'Aontroim, Lú Muineachán agus Doire Cholm Cille, ceantair shuntasacha den Dún, Mhí agus Tír Eoghain agus ceantair bheaga sa Chabhán agus i bhFear Manach. Feidhmíonn oifig tionscnaimh thar ceann na dtrí údarás déag áitiúla atá i gceist sa dá dhlínse.

Tá mórán oibre deánta ar na fíricí a bhaint amach: aithint na n-uiscí uile sa cheantar, a stádas agus a gcaighdeán reatha a bhaint amach, liostáil ar na húsáidí a bhaintear as na huiscí agus na brúnna atá orthu. Tá an obair sin ar leanúint, ach tá go leor eolais ann ag an bpointe seo leis na réamhfhionachtain a chur i leabhrán agus iarraidh ort trácht orthu.

Is féidir an leabharán de réamhfhionachtain a íoslódáil í shuíomh gréasáin an cheantair www.nbirbd.com nó is féidir é a lorg ar an teagmhálaí thíos. Tugann sé réamh-fhorbhreathnú ar na príomhfhadhbanna in ár n-uiscí agus na gníomhartha a mholtar len iad a réiteach.

Tig leat cabhrú tríd an leabhrán (nó na coda de is suim leat) a léamh agus trácht a dhéanamh le ceartú nó le feabhsú ar liostáil na bhfadhb agus na gníomhartha molta.

Is féidir leat do thuairimí a sheoladh chuig:

Ms Cate Murphy, Secretary, Implementation Working Group,
Catriona.Murphy@doeni.gov.uk
Environment and Heritage Service, 17 Antrim Road,
Lisburn, BT28 3AL
ná
Dr Tony McNally, Monaghan County Council
tmcnally@monaghancoco.ie
Environment Section, County Offices, The Glen,
Monaghan, Co. Monaghan